Polasaí Rannpháirtíochta Tuismitheoirí

Gaelscoil Naomh Pádraig

2016/17

Teideal

Rannpháirtíocht Thuismitheoirí

Réamhráiteas

Ceapadh an polasaí ar an 25ú Feabhra 2013. Bhí an PO agus an fhoireann bainistíochta páirteach ann. Cuireadh faoi bhráid Choiste na dTuismitheoirí é ar an 16.4.13 chun a dtuairimí a lorg agus aiseolas a fháil. Cuirfear ós comhair na fóirne é i Méan Fómhair 2013. Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí i rith Feabhra 2017

Réasúnaíocht

- Tá an polasaí seo riachtanach de réir An tAcht Oideachais,1998 agus An tAcht Oideachais (Leasú), 2000.
- Tugadh faoi ndeara nach raibh polasaí scríofa againn le linn an phróisis Fhéin-Mheastóireacht Scoile.
- Chun deiseanna foghlama d'ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaltaí na scoile.
- Chun comhpháirtíocht idir múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí a chur chun cinn.

An Gaol le spiorad sainiúil na scoile

- Tuigeann Gaelscoil Naomh Pádraig gurb iad tuismitheoirí príomh-oideachasóirí na bpáistí agus mar sin, is fiú dúinn a rannpháirtíocht a spreagadh i gcónaí.
- Teastaíonn ó Ghaelscoil Naomh Pádraig a chur ar chumas gach páiste a mhianach nó a mianach a fhorbairt i dtimpeallacht chineálta ina gcuirtear san áireamh buanna gach páiste. Is fearr gur féidir an obair seo a dhéanamh áit ina mbíonn leibhéal ard oscailteachta agus comhoibrithe idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí.

Aidhmeanna

- Pobal scoile a fhorbairt agus é mar aidhm acu tacú le gach páiste.
- Nósanna imeachta a bhunú le haghaidh eolas a roinnt faoi dhul chun cinn na ndaltaí.
- Na deiseanna oideachasúla a sholáthraítear dár bpáistí a shaibhriú agus a mhéadú trí úsáid a bhaint as scileanna agus buanna/ ceannaireacht tuismitheoirí.

Treoirlínte (ábhar an pholasaí)

Tugann treoirlínte an PDST aghaidh ar rannpháirtíocht tuismitheoirí sna réimsí seo a leanas

1. Cumann Tuismitheoirí
2. Bord Bainistíochta
3. Fís / Misean agus Aidhmeanna
4. Polasaithe Eagrúcháin agus pleananna curaclaim
5. Cumarsáid
6. Múinteoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, Comhordaitheoir Tuaithe, Oifigeach Leasa Oideachais
7. Aoi-chainteoirí

1. Cumann na dTuismitheoirí

- Ceaptar Cumann na dTuismitheoirí i gcomhairliúchán leis an bPríomhoide agus leis an mBord Bainistíochta agus ag teacht le treoirlínte an NPC.
- Tá Bunreacht scríofa ag Cumann na dTuismitheoirí a mhíníonn rólanna agus freachtrachtaí an chumainn.
- Tá fáilte roimh gach tuismitheoir páirt ghníomhach a bheith acu sa chumann.
- Bíonn cumarsáid agus comhairliúcháin idir an cumann agus an bord, an príomhoide agus an scoil go rialta.

2. Ról agus Freagracht Ionadaíocht na dTuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta

- Claíonn rólanna agus freagrachtaí ionadaithe na dtuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta le Comhdhéanamh na mBord agus na Rialacha Nósanna Imeachta, DES 2011.
- Is iad Fergal Ó Briain agus Siobhán Ní Raghallaigh ionadaithe na dtuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta ó 2015 - 2019.

3. Fís / Misean agus Aidhmeanna

- Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí (i gcomhpháirt le páirtnéirí eile) cur le fís agus le misean na scoile trí pháirt gníomhach a ghlacadh sa chumann. Cuirtear na polasaithe ar fad faoi bhráid an chumainn chun tuairimí a lorg agus aiseolas a fháil.
- Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí tacú le haidhmeanna na scoile trí Ghaeilge a spreagadh sa bhaile agus I dtimpeallacht an chlóis, an Chód Iompar a shíniú sa dialann agus gach tacaíocht a thabhairt don scoil é a chur i bhfeidhm, trí thacaíocht a thabhairt dá bpáistí chun forbairt iomlán a dhéanamh agus spéis san fhoghlaim a spreagadh.

4. Polasaithe Riaracháin

- An próiseas comhairliúcháin a leantar ó thaobh ról a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí i gceapadh polasaithe ná: a) ceistneoirí a eisiúint do gach tuismitheoir/caomhnóir nó do shampla ionadaíoch; b) comhairliúchán le cumann tuismitheoirí nó le coiste polasaí.
- Tá ról agus freagracht an thuismitheora maidir le polasaí riaracháin luaite sna polasaithe thíos:
    - Leigheas a Dháileadh
    - Frith-Bhulaíocht
    - Tinreamh
    - Aonaigh Leabhar
    - Féilire Scoile
    - Caomhnú Leanaí
    - Cód Iompair
    - Feasacht Timpeallachta
    - Turais Scoile
    - Obair Bhaile
    - Tacaíocht Fhoghlama agus Riachtanais Speisialta
    - Lónta
    - Gutháin Phóca
    - Nuachtlitir/Bróisiúir
    - Amanna Oscailte/Dúnta
    - Laethanta Oscailte
    - Cruinnithe idir Múinteoirí agus Tuismitheoirí
    - Lá Spóirt
    - Úsáid Substaintí
    - Éide Scoile

Pleananna Curaclaim

- Téitear i mbuncomhairliúcháin le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le pleananna curaclaim nuair a bhíonn gá le tacaíocht ón mbaile i bhfoghlaim an pháiste.
- Aithnítear tuismitheoirí le fáisnéis nó le scileanna ar leith i ngach réimse den churaclam m.sh.
    - Teanga: file/údar, ball de ghrúpa drámaíochta, srl.
    - Matamaitic: ailtire, tógálaí, siúnéir, cuntasóir, srl.
    - Ealaíona: ealaíontóir, aisteoir, ceoltóir, damhsóir, srl.
    - SPHE: altra ceantair, bia-eolaí, garda, srl.
    - SESE: teicneoir saotharlainne, staraí, pleanálaí baile, srl.
    - Corpoideachas: duine spóirt, ionadaithe ó ghrúpaí spóirt áitiúla, srl.
- Tacaíocht Foghlama agus Riachtanais Speisialta: Sula scríobhtar IEP nó PPP bíonn cruinniú leis na tuismitheoirí. Cuirtear cóip den IEP nó PPP abhaile le léamh agus le síniú. Iarrtar ar na tusmitheoirí é a sheoladh ar ais chuig an scoil. Téitear i dteagmháil leis na tuismitheorii nuair a dhéantar athbhreithniú air níos deanaí sa bhliain. Tugtar tacaíochta dóibh ó thaobh spriocanna foghlama a pháiste a chomhlíonadh trí theagmháil rialta a dhéanamh leo.

5. Cumarsáid

- Cruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí: Bíonn sé soiléir do chách cad é an cuspóir a bhaineann leis na cruinnithe foirmiúla bliantúla. Bíonn tuismitheoirí/múinteoirí in ann cruinniú sa bhreis a lorg ag am ar bith den bhliain má tá siad buartha faoi dhul chun cinn an pháiste.
- Tuairisc Scoile: Cuirtear tuairisc scoile abhaile tríd an bpost go bliantiúil go luath i Mí an Mheithimh.
- Nuachtlitir: Cuirtear nuachtlitir daite ar an suíomh gréasáin faoi thrí (deireadh gach téarma) in aghaidh na bliana maidir le gníomhaíochtaí scoile
- Iarradh ar thuismitheoirí a dtuairimí a thabhairt nuair a bhí an leabhrán *Eolas do Thuismitheoirí Nua* á chruthú agus cuirtear aon athruithe faoi bhráid an Chumainn.
- Nótaí don Bhaile: Cuirtear nótaí abhaile ón oifig i bhfoirm ríomhphost agus cuirtear bunchóip ar an suíomh ghréasáin O am go h-am. Seoltar téascanna abhaile chomh maith.
- Dialann Obair Bhaile: Éilítear ar thuismitheoirí/caomhnóirí an dialann obair bhaile a shíniú agus an t-am a thógann sé an obhair bhaile a dhéanamh a scríobh in aice leis.
- Cruinniú atá iarrtha ag tuismitheoir/caomhnóir: Tá tuismitheoirí ar an eolas faoin nós imeachta atá le leanacht má tá orthu bualadh leis an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíocht foghlama/múinteoir acmhainne, príomhoide. Cuirtear glaoch ar an oifig chun cruinniú a lorg nó scríobhtar litir chuig an múinteoir atá i gceist.
- Cruinnithe atá iarrtha ag múinteoir: Cuirtear litir abhaile nó glaotar abhaile. Tugtar fógra don tuismitheoir ag tabhairt cuspóra, am, srl. Déanann an PO socrú le haghaidh mhaoirseacht ranga má tharlaíonn cruinniú i rith am scoile. Déantar taifead ar chinntí i gcomhad an dalta. Má bhuaileann an PO le tuismitheoir coinnaítear taifead den chruinniú i gcomhad an PO.
- Laethanta Oscailte: Cuirtear socruithe i gcomhair laethanta oscailte ranga, taispeántais, srl. in iúl trí litir I bhfoirm ríomhphost agus eolas a chur ar an suíomh ghréasáin ó ham go h-am.
- Clár Fógraí: Cuirtear fógraí a bhaineann le Cumann na dTuistí ar chlár fógraí ar bhalla an halla (taobh amuigh) m.sh cruinnithe sainspéise, eolas faoi chúrsaí oideachasúla srl
- Cumarsáid Scríofa ó thuismitheoirí/chaomhnóirí: Coinnítear nótaí ó thuismitheoirí m.sh. asláithreachtaí, éide, obair bhaile srl. i gcomhad an dalta sa seomra ranga ar feadh bliana.
- Maoiniú Airgid: Eagraíonn Cumann na dTuistí roinnt gníomhaíochtaí i rith na bliana ar son na scoile m.sh. Crannchur na Cásca, Crannchur na Nollag, Díolacháin Cácaí, Cártaí Nollag srl

- Gearán: Más mian le tuismitheoir nó le baill foirne gearán oifigiúil a dhéanamh, leantar na nósanna imeachta atá leagtha síos i lámhleabhar an phátrúin (CPSMA).

6. Múinteoir Caidrimh Baile Scoil Pobail, Comhordaitheoir Tuaithe, Oifigeach Leasa Oideachais

- Níl Múinteoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail ag an scoil ach déanann an Príomhoide Cúnta agus an PO teagmháil le tuistí maidir le hasláithreachtaí.
- Tá tuismitheoirí ar an eolas faoi ról an Oifigigh Leasa Oideachais ó thaobh cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí a bhfuil os cionn 20 lá scoile caillte ag a bpáistí, i ndáil le daltaí a chur i scoileanna eile, srl.

7. Aoi-Chainteoirí

- Roghnaíonn Cumman na dTuismitheoirí agus an PO aoi-chainteoirí agus tugtar cuireadh dóibh labhairt le tuismitheoirí na scoile maidir le Cibearbhulaíocht, OCG, na sacraimintí, srl ó am go ham.
- Cuirtear litir abhaile chun na cainteanna seo a chur in iúl do thuismitheoirí.

Critéir Rathúlachta

Roinnt táscairí praiticiúla de rathúlacht an pholasaí a aimsiú

- An leas ó thaobh fhoghlaim na ndaltaí de: Go bhfeictear go bhfuil tuismitheoirí eolach faoi imeachtaí na scoile, go dtugann siad tacaíocht dá bpáistí maidir le hobair bhaile srl.
- Méadú ar pháirtíocht tuismitheoirí: Go meadóidh méid na dtuismitheoirí a fhreastalaíonn ar chainteanna san oíche agus ar chruinnithe m.sh CCB an chumainn.
- Aiseolas ó thuismitheoirí/ó chomhaltaí foirne: Go mbeadh tuistmitheoirí agus comhaltaí foirne sásta faoi leibhéal cumarsáide na scoile.

Rólanna agus Freagracht

Bíonn freagrachtaí sonracha ag na daoine seo a leanas maidir le tacú leis an bpolasaí seo, é a fhorbairt, a chur i ngníomh agus a luacháil:

- An Príomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus an Príomhoide Cúnta
- Cathaoirleach Chumann na dTuismitheoirí
- An Fhoireann Scoile
- Tuismitheoirí na Scoile

Dáta le haghaidh Cur i bhFeidhm

Cuireadh an polasaí seo i bhfeidhm ar an 1 Meán Fomhair 2013. Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí ar 6 Feabhra 2017.

Clár-ama Athbhreithnithe

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an pholasaí i rith na scoilbhliana 2018-2019.

Daingniú agus Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ar an 13.5.13. Rinneadh athbhreithniú & athdhaingniú ar an bpolasaí ar 6 Feabhra 2017. Cuirfear an polasaí in iúl do phobal na scoile agus cuirfear ar an suíomh ghréasáin é.

Síniú an Chathaoirligh:_____ Dáta:_____

An Roinn Thagartha

- Acht Oideachais, 1998
- Acht Oideachais (Leas), 2000
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí: Ag Obair go hÉifeachtach mar Chumann Tuismitheoirí, 2004
- Boird Bainistíochta Bhunscoileanna, Bunreacht na mBord agus Nósanna Imeachta, DES, 2011
- Féinmheastóireacht Scoile Treoirlínte do Bhunscoileanna 2012
- Céard? Cén fáth agus Conas? Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil (DVD), NCCA, 2006
- Curaclam – moltaí i gcóir rannpháirtíochta tuismitheoirí